


# Líon an Dúlra

Eagrán 42, Earrach 2023/24

## San Eagrán seo . . .


Leathanach an Eagarthóra

Oidis

An Chuach

An Bradán

Saolré an Fhroig

Crainn Dhuillsilteacha agus Crainn Shíorghlasa

Turgnaimh:
Bí ag Spraoi leis an Nádúr

Cuardach Focal






Íomhá le caoinchead Robbie Murphy

# Anois Teacht an Earraigh...



Íomhá le caoinchead Marcin Karetta

Is am gnóthach den bhliain é an t-earrach do na héin. Na héin sin a d'imigh ar imirce san fhómhar, an chuach (thuas) san áireamh, tá siad ag filleadh anois ar Éirinn. Beidh na héin sin uile, chomh maith leis na héin a d'fhan in Éirinn i rith an gheimhridh fhada, ag obair leo i gcaitheamh an earraigh agus iad ag tógáil agus ag ullmhú a gcuid neadacha do na huibheacha a bheirfear sna míonna amach romhainn. Idir 1 ubh amháin agus 15 ubh a bhéarfaidh na héin – ní hionann aon dá cheann acu. Ansin suífidh tuismitheoir amháin, nó an bheirt acu, ar na huibheacha chun iad a ghoradh (a choinneáil te). Nuair a thiocfaidh na héin óga amach as na huibheacha, rachaidh na tuismitheoirí ar thóir bia chun iad a chothú. Is breá leis na héin óga péisteanna talún agus greamanna blasta eile.

A léitheoir dhil,



Fáilte chuig Eagrán an Earraigh de *Líon an Dúlra*. Mar is gnách tá sé lán le fíricí spéisiúla spraíúla faoin dúlra anseo in Éirinn agus thar lear. Tá neart cluichí agus gníomhaíochtaí ann freisin. Tá súil againn go mbainfidh sibh sult as!

Susan

**R-phost:** editor@naturesweb.ie
**Láithreán Gréasáin:** www.naturesweb.ie
**Eagarthóir:** Susan Murphy Wickens
**Leagan Amach agus Dearadh:** Susan Murphy Wickens
**Grianghraif agus Fáisc-ealaín:** Cóipcheart © 2006 agus 2007 Stáisiún Mara Inis Arcáin agus a chuid ceadúnóirí. Gach ceart ar cosaint.
**Comhfhreagraí Eachtrach:** Michael Ludwig
**Leagan Gaeilge:** © Foras na Gaeilge 2024
© Stáisiún Mara Inis Arcáin 2006 agus 2007.

**Ar mhaith leat páirt a ghlacadh i dtionscadal 'Spring Alive' an t-earrach seo?**
Tá tuilleadh eolais ar fáil ar: [https://birdwatchireland.ie/our-work/surveys-research/research-surveys/12900-2/](https://birdwatchireland.ie/our-work/surveys-research/research-surveys/12900-2/)

## Beathra Úr an Earraigh

Is é an t-earrach an séasúr is fearr chun bheith ag féachaint ar an nádúr agus é i mbarr a réime. Bíonn beatha nua le feiceáil i ngach áit – bachlóga ar na crainn, bláthanna ag fás agus éin ag tógáil a gcuid neadacha agus ag breith uibheacha. Bíonn an saol faoi bhláth gach áit a mbreathnaíonn tú. Ar na feirmeacha, bíonn na huain agus na gamhna ag damhsa leo sna páirceanna. Sna linnte, bíonn glóthach á sceitheadh ag na froganna. Sna crainn, bíonn na hioraí rua ag síneadh na ngéag agus an geimhreadh fada curtha díobh acu. Sna fálta sceach, bíonn gráinneoga ag dul sa tóir ar fheithidí le hithe. Sna huaimheanna, bíonn na hialtóga á múscailt ag glór an earraigh. Feictear éin ina n-ealtaí ar fhior na spéire agus iad ag filleadh ar Éirinn tar éis dóibh a gcuid 'laethanta saoire' a chaitheamh faoin ngrian. Mar sin, cuir ort do chuid éadaí teolaí agus téigh amach faoin spéir. Beidh iliomad radharc romhat!



Íomhá le caoinchead Audrey Murphy


© Stáisiún Mara Inis Arcáin agus a chuid ceadúnóirí. Gach ceart ar cosaint.



# Iasc i mBeartán

## An Modh

*Bia do Cheathrar (4)*

- Déan an cúirséad, na trátaí silín agus an piobar buí a mhionghearradh go garbh.
- Cuir na glasraí mionghearrtha ina gcarn ar thaobh amháin de leathán scragaill stáin agus leag an t-iasc anuas orthu. Blaistigh an t-iasc.
- Déan an beartán ach an scragall stáin a fhilleadh anuas ar an iasc agus na glasraí.
- Fill isteach an scragall stáin ar dhá cheann an bheartáin. Ansin déan an dara filleadh lena ndaingniú. Dún an beartán ach an taobh atá fós ar oscailt a fhilleadh isteach.
- Cuir an beartán isteach in oigheann réamhthéite ag 200°C/400°F nó ag gásmharc 6 agus fág ann ar feadh 15–18 nóiméad é.
- Gearr an beartán ansin agus cuir an bia amach ar phláta.

### Na Comhábhair:

- 4 fhilléad d'iasc geal gan chraiceann, gan chnámh
- 1 chúirséad
- Lán doirn de thrátaí silín
- 1 phiobar buí
- 2 ionga gairleoige
- Piobar dubh úrmheilte agus salann
- Duilleoga úra basail (roghnach)

## An Bia a Dháileadh

Cuir prátaí bácáilte, dingeacha práta nó sailéad leis agus beir chun boird.

## Moltaí don Chócaire

- Is féidir glasraí éagsúla a úsáid don bhéile seo más fearr leat – spionáiste, cainneann, ubhthoradh, oinniún dearg, soilire agus mar sin de – chomh maith le cibé luibheanna atá agat.
- Sa samhradh, d'fhéadfá an béile seo a dhéanamh amuigh faoin aer ach an beartán a chur ar an mbeárbaiciú ar feadh 15–18 nóiméad.

*Le caoinchead BIM* www.bim.ie



# Bradán Deataithe le Pasta

## An Modh

*Bia do Cheathrar (4)*

- Déan an ola a théamh i bhfriochtán. Ansin frioch an t-oinniún go réidh go dtí go n-éiríonn sé bog gléineach. Cuir na beacáin isteach leis an oinniún ansin agus frioch ar feadh 3 nóiméad iad.
- Doirt isteach an t-uachtar agus déan é a shuanbhruith ar feadh 2–3 nóiméad chun é a laghdú. Blaistigh an t-iomlán le salann agus le piobar dubh.
- Idir an dá linn, déan an pasta a chócaráil ar feadh 8–10 nóiméad. Ansin síothlaigh go maith é.
- Cuir an bradán deataithe agus duilleoga stróicthe basail isteach sa fhriochtán leis an anlann. Ansin cuir an pasta isteach leis freisin agus measc go maith é.

### Na Comhábhair:

- 200 g de bhradán deataithe agus é gearrtha ina stiallacha
- 200 g de linguine úr
- 1 oinniún beag amháin agus é mionghearrtha
- 250 g de bheacáin agus iad gearrtha ina slisíní
- 175 ml d'uachtar
- Duilleoga úra basail
- Roinnt ola olóige
- Piobar dubh úrmheilte agus salann

## An Bia a Dháileadh

Riar le sailéad agus le harán gairleoige.

*Le caoinchead BIM* www.bim.ie


© Stáisiún Mara Inis Arcáin agus a chuid ceadúnóirí. Gach ceart ar cosaint.



# An Chuach

**Ainm Eolaíochta:** *Cuculus canorus*

Nuair a chloistear glór na cuaiche, is comhartha cinnte é go bhfuil an t-earrach buailte linn an athuair. Filleann an chuach ar Éirinn i mí Aibreáin, i ndiaidh di an geimhreadh a chaitheamh san Afraic. Is annamh a fheictear an chuach ach cloistear a glór go minic! Bíonn an t-éan fireann agus an t-éan baineann nach mór ar aon mhéid lena chéile, is é sin tuairim is 30 cm ar fad. Tá dealramh ag an gcuach leis an spioróg, ach amháin go bhfuil dath liathghorm uirthi agus dath bán ar chlúmh an íochtair. Cloistear ‘cu-cú’ an éin fhirinn níos minice ná mar a chloistear scairt phlobach an éin bhaininn.

Ní dhéanann an chuach a nead féin. I mí Bealtaine agus i dtús mhí an Mheithimh, beireann an chuach a cuid uibheacha i neadacha éan eile. Is maith léi nead na donnóige, na riabhóige móna agus an cheolaire giolcaí go háirithe. Sula mbeireann an chuach a hubh féin, scriosann sí ubh amháin as nead an éin eile nó itheann sí í. Ansin cuireann sí a hubh féin ina háit. Bíonn uibheacha na cuaiche beag go leor agus bíonn dathanna éagsúla orthu. Mar gheall air sin, ní aithníonn na héin eile nach ubh dá gcuid féin atá sa nead acu.

Dall a bhíonn an chuach óg nuair a thagann sí amach as an ubh. Nuair a mhothaíonn sí na scalltáin eile thart uirthi sa nead, tosaíonn sí ag bogadh thart is ag brú ina gcoinne nó go dtiteann siad uile amach as an nead. Ní thugann an mháthair altrama na scalltáin mharbha faoi deara agus leanann sí uirthi ag cothú na cuaiche óige amhail is dá mba scalltán dá cuid féin í. Fásann an chuach óg go tapa. Bíonn ocras uirthi i gcónaí agus ní mór don mháthair altrama í a bheathú de shíor. Ní fada go mbíonn an chuach óg níos mó ná an mháthair altrama, ach ní thugann an mháthair altrama aon aird air sin.



## An Chuach: Fíricí

**Dath:** Bíonn dath liathghorm ar cheann agus ar dhroim na cuaiche fásta. Bíonn clúmh an íochtair bán agus stríoca dubha air. Bíonn cosa buí aici agus sciatháin bhreaca.

**Fad:** 32–36 cm

**Aiste bia:** Feithidí agus a gcuid larbhaí. Is iad na boilb is fearr léi.

**Gnáthóg:** Páirceanna cois cósta, feirmeacha agus talamh coille.

**Líon na n-uibheacha:** 12–13 ubh (agus gach aon cheann acu i nead óstach éagsúil).

Ní smaoiníonn fíorthuismitheoirí na cuaiche siar ar an éan óg, agus nuair a fhágann an chuach óg nead a máthar altrama, caithfidh sí a bealach féin a dhéanamh go dtí an Afraic, mar a bhfanfaidh sí don gheimhreadh. Is minic gur ag deireadh mhí Mheán Fómhair a thugann an chuach óg faoin aistear fada sin, tráth a mbíonn na héin níos sine imithe leo cheana. Is léir gur treise an dúchas ná an oiliúint!



## An Clog Cuaiche!

An bhfaca tú clog cuaiche riamh? Mar is léir ón ainm, is í an chuach a spreag daoine chun an clog cuaiche a dhéanamh. Is gnách go mbíonn an clog mar a bheadh tigín beag adhmaid ann. Gach uair an chloig, ar bhuille na huaire, preabann cuaichín bheag amach as doras beag sa chlog agus ligeann sí ‘cu-cú’ aistí chun an t-am a fhógairt. Is i bhForaois Dhubh na Gearmáine san 18ú haois a rinneadh an chéad chlog cuaiche.

Má fheiceann tú an chuach an t-earrach seo, is féidir an méid sin a chlárú ag www.springalive.net!



© Stáisiún Mara Inis Arcáin agus a chuid ceadúnóirí. Gach ceart ar cosaint.

# An Bradán

**Ainm Eolaíochta:** *Salmo salar*

I rith an gheimhridh, tagann na bradáin fhásta le chéile ina bpéirí ar ghrinneall gairbhéil na n-aibhneacha, áit a mbíonn an t-uisce glan glé. Déanann an bradán baineann nead nó clais sa ghairbhéal agus is ansin a bheireann sí suas le 5000 ubh, ar a dtugtar **sceith**. Déanann an bradán fireann na huibheacha sin a thoirchiú agus ansin clúdaíonn an bradán baineann na huibheacha le gairbhéal. Tosaíonn na huibheacha ag forbairt agus timpeall dhá mhí ina dhiaidh sin, san earrach, tagann na bradáin óga (na gilidíní) amach as na huibheacha.

**An Gilidín:** An bradán óg a thagann amach as an ubh chun tabhairt faoin saol in uisce an tsrutháin.

**An Ghealóg:** Bradán óg atá faoi bhun 1 bhliain d'aois. Is ar fheithidí beaga a chothaíonn an ghealóg í féin.

**An Mhuóg:** Bradán atá idir 1 agus 2 bhliain d'aois. Bogann an mhuóg síos le sruth chun tuilleadh bia agus spáis a aimsiú di féin.

**An Brainlín:** Bradán atá idir 2 bhliain agus 3 bliana d'aois. In earrach an tríú bliain, téann an brainlín chun farraige agus is ann a fhanann sé go ceann bliana. Itheann sé oiread éisc bheaga agus is féidir agus fásann sé go tapa.

**An Bláthán:** Bradán atá breis is 3 bliana d'aois. Bradán lánfhásta is ea an bláthán.



An Sceith



An Gilidín


An Ghealóg


An Mhuóg


An Brainlín


An Bláthán Baineann


An Bláthán Fireann

Tar éis bliain a chaitheamh san fharraige, filleann na bradáin (na bláitháin) ar an abhainn agus ar an sruthán inar saolaíodh iad. I dtús an turais, bíonn na bradáin láidir, folláin agus toirtiúil. Ní itheann siad rud ar bith le linn an turais, áfach, agus faoin am a mbaineann siad an láthair sceite amach, bíonn siad lag tuirseach. Nuair a bhíonn na huibheacha sceite ag na bradáin bhaineanna agus toirchithe ag na bradáin fhireanna, is minic a fhaigheann na bradáin bás le tuirse nó go mbeireann creachadóirí orthu. Ní éiríonn ach leis na bradáin is láidre filleadh ar an bhfarraige agus tabhairt faoin aistear céanna arís an bhliain dár gcionn.

## Fadhbanna

Is féidir le go leor rudaí éagsúla bac a chur ar bhradáin agus iad ag iarraidh a mbealach a dhéanamh chomh fada leis an bhfarraige nó ar ais chuig an láthair sceite.

**Truailliú** – Is féidir leis an truailliú bradáin a mharú nó na horgánaigh a itheann siad a mharú.

**Creachadóirí** – Bíonn bradáin i mbaol ó éin, éisc mhóra agus mamaigh.

**Ró-iascaireacht** – Má bheireann iascairí ar an iomarca bradán, ní thiocfaidh go leor acu ar ais chun sceitheadh a dhéanamh.

**Iomaíocht** – Bíonn bradáin in iomaíocht le héisc agus le horgánaigh eile le haghaidh bia agus spás maireachtála.

**Dambaí** – Cuireann dambaí bac ar bhradáin agus iad ag iarraidh an láthair sceite a bhaint amach.

**Creimeadh** – In amanna nuair a chreimtear bruach na habhann, clúdaítear an gairbhéal le láib. Ní bhíonn an gairbhéal oiriúnach do na bradáin óga ansin.

## Cé mhéad a tháinig slán?

**Is féidir le go leor rudaí éagsúla tarlú do na huibheacha agus do na bradáin óga agus iad ar a dturas. An féidir leatsa a oibriú amach cé mhéad bradán a tháinig slán chun gurbh fhéidir leo sceitheadh a dhéanamh?**

Sceith bradán **5000** ubh ina clais.

- Bhí 500 ubh nár toirchíodh agus theip orthu dá bharr sin.
- Scuabadh 60 ubh amach as an ngairbhéal nuair a thiomáin tarracóir tríd an sruthán.
- Tháinig láib as láithreán tógála isteach sa sruthán agus plúchadh 1000 acu.
- Fuair 300 gilidín bás ó tharla iad a bheith ró-lag.
- Nuair a d'fhás na gilidíní ina ngealóga, d'ith éisc eile sa sruthán 500 acu.
- D'ith na héin 41 acu.
- Nuair a bhí na brainlíní nach mór ag an bhfarraige, fuair 260 acu bás nuair a seoladh isteach in uisce te truaillithe iad.
- Agus iad san fharraige, d'alp éisc mhóra 1550 acu.
- D'ith rónta 95 acu.
- Rug iascairí ar 596 acu.
- Agus iad ag filleadh ar an láthair sceite, rug dobharchúnna agus mamaigh thalún eile ar 80 acu.
- Fuair 10 mbradán bás den traochadh sular bhain siad an láthair sceite amach.
- Bascadh 3 bhradán ar charraigeacha agus iad ag iarraidh léim suas eas.
- D'éirigh leis na bradáin eile ar fad fanacht beo. Cé mhéad acu a tháinig slán?


*Freagra ar Lch 9.*


© Stáisiún Mara Inis Arcáin agus a chuid ceadúnóirí. Gach ceart ar cosaint.




# Saolré an Fhroig

Má chuirimid duine fásta i gcomparáid le leanbh nuabheirthe, feicfimid go bhfuil siad an-chosúil lena chéile, ach amháin go bhfuil an leanbh i bhfad níos lú. Tá go leor ainmhithe ann, áfach, nach mbíonn cosúil lena dtuismitheoirí ar chor ar bith nuair a thagann siad ar an saol. Athraíonn siad as cuimse ón uair a bhíonn siad san ubh go dtí go mbíonn siad ina n-ainmhithe fásta. Meiteamorfóis a thugtar ar an bpróiseas sin. Ainmhí amháin a théann trí phróiseas na meiteamorfóise is ea an frog. Sceith a thugtar ar uibheacha an fhroig. Is laistigh de mheall glóthaí a bhíonn gach ubh. Bíonn an ghlóthach chomh sleamhain sin go mbíonn sé iontach deacair ar chreachadóirí breith ar an sceith lena hithe. Téann solas agus teas na gréine tríd an nglóthach ghlé chomh fada leis an ubh, rud a chabhraíonn leis an ubh forbairt a dhéanamh.



Bíonn 3 chéim i bhforbairt an fhroig – an ubh, an torbán agus an frog fásta. Fásann an torbán ón spota cruinn a bhíonn le feiceáil taobh istigh de gach meall glóthaí. Agus an torbán ag forbairt, itheann sé an buíocán a fhaightear laistigh den ghlóthach chomh maith. Ní bhíonn aon deighilt idir ceann agus corp an torbáin agus bíonn geolbhaigh aige chun anála. Ní bhíonn aon chosa air agus bíonn eireaball fada air a úsáideann sé chun snámha. De réir a chéile fásann na cosa. Téann an t-eireaball i laghad agus déantar é a shú isteach sa chorp. Cailltear na geolbhaigh agus tagann scamhóga chun cinn ina n-áit. Frog beag atá ansin ann.

Glacann sé 3–4 bliana ar an bhfrog beag teacht i méadaíocht. Ainmhí fadsaolach go maith is ea é. Is minic a mhaireann frog suas le 40 bliain!

## An Frog: Fíricí

- Is amfaibiach é an frog.
- Is féidir leis maireachtáil in uisce nó ar an talamh.
- Súitear uisce isteach trí chraiceann an fhroig. Mar gheall air sin, ní mór dó fanacht in áiteanna atá fliuch nó tais.
- Ní bhíonn aon ghainní air.
- Idir 1 cm agus 30 cm ar fad a bhíonn sé.
- Beireann an frog baineann 4000 ubh ag an aon am amháin.
- Is féidir leis an frog dath a chraicinn a athrú chun bheith ar aon dath leis an timpeallacht.
- Bíonn 4 chos air.
- Bíonn cluasa móra cruinne ar dhá thaobh a chinn.
- Chun grág a ligean, brúnn an frog aer amach as a scamhóga ach coinníonn sé a bhéal agus a pholláirí dúnta. Seoltar an t-aer thar théada an gutha agus líontar sac an ghutha mar a bheadh balún ann.
- Is timpeall 190 milliún bliain ó shin a tháinig ann don fhrog an chéad lá riamh.
- Eatarthu beirt, is ann do thuairim is 3500 speiceas den fhrog agus den bhuaf ar domhan.



***AMFAIBIAIGH***

*4 chos a bhíonn ar amfaibiaigh.*
*Is ó uibheacha a thagann siad.*
*Maireann siad san uisce nuair a thagann siad ar an saol ach is féidir leo bogadh go dtí an talamh agus iad fásta.*

**Léim an Fhroig**

Is féidir leis an bhfrog léim 10 n-uaire níos faide ná fad a choirp féin.


© Stáisiún Mara Inis Arcáin agus a chuid ceadúnóirí. Gach ceart ar cosaint.


# Crainn Dhuillsilteacha agus Crainn Shíorghlasa

**Crainn shíorghlasa** a thugtar ar chrainn a bhíonn faoi dhuilliúr ó cheann ceann na bliana. Is gnách go dtiteann na duilleoga de na **crainn dhuillsilteacha** san fhómhar, agus go bhfásann bachlóga agus duilleoga úra orthu san earrach.

## CRAINN DHUILLSILTEACHA

**Crainn leathanduilleacha** is ea an chuid is mó de na crainn dhuillsilteacha. Ciallaíonn sin go mbíonn na duilleoga a fhásann orthu leathan agus cothrom, mar a bhíonn ar an seiceamar, mar shampla. **Crainn chrua-adhmaid** is ea iad chomh maith. I gcomparáid leis na crainn shíorghlasa, fásann na crainn dhuillsilteacha níos moille. Bíonn an t-adhmad a fhaightear uathu níos crua, maireann sé níos faide agus bíonn sé níos deacra bheith ag obair leis. Bíonn sé níos costasaí freisin. Foraois dhuillsilteach a thugtar ar fhoraois ina dtiteann na duilleoga de na crainn san fhómhar. Lobhann na duilleoga de réir a chéile, rud a chruthaíonn brat méith cré a chothaíonn plandaí na foraoise. Mar gheall air sin, bíonn na foraoisí duillsilteacha beo le plandaí agus le hainmhithe.





## CRAINN SHÍORGHLASA

Nuair a smaoinímid ar chrainn shíorghlasa, is ar na **crainn bhuaircíneacha** a smaoinímid den chuid is mó. Duillí spíonacha a bhíonn ar na crainn bhuaircíneacha. Bíonn crainn shíorghlasa eile ann, áfach, a mbíonn duilleoga leathana cothroma orthu. **Crainn bhogadhmaid** is ea na crainn bhuaircíneacha. Den chuid is mó bíonn sé éasca go maith a bheith ag obair leis an mbogadhmad agus is é is mó a úsáidtear inár gcuid tithe chun urláir, doirse agus a leithéid a dhéanamh. Chomh maith leis sin, fásann na crainn bhuaircíneacha go tapa agus suas díreach. Mar gheall ar na tréithe sin, is minic a fhástar ina bhfáschoillte iad chun adhmad a chur ar fáil do dhaoine.

Is beag an t-achar dromchla a bhíonn ag baint le spíonlaigh an chrainn bhuaircínigh, agus ní chailleann sé mórán uisce trína chuid spíonlach, mar sin. Cuidíonn an méid sin leis fás in aeráidí fuara agus ar thalamh bocht. Foraois shíorghlas nó foraois bhuaircíneach a thugtar ar fhoraois de chrainn a bhíonn i gcónaí faoi dhuilliúr. Ní thiteann na spíonlaigh de na crainn ach amháin corrcheann chun spás a dhéanamh do spíonlaigh úra. Ní bhíonn mórán cothaitheach sna spíonlaigh a thiteann agus, dá bhrí sin, ní bhíonn mórán maitheasa sa chré faoi bhun na gcrann. Ní fhásann mórán plandaí beaga sna foraoisí seo agus bíonn níos lú ainmhithe ina gcónaí iontu, mar sin.







### Aois crainn

Nuair a ghearrtar crann anuas is féidir aois an chrainn a oibriú amach ach na fáinní ar an stacán a chomhaireamh. Léiríonn gach fáinne bliain amháin fáis.

### Bogadhmad crua agus crua-adhmad bog!


Go díreach le mearbhall ar chur ort, ní bhíonn gach cineál crua-adhmaid níos crua ná an bogadhmad. Bíonn roinnt cineálacha bogadhmaid an-chrua go deo, an t-iúr ina measc.




© Stáisiún Mara Inis Arcáin agus a chuid ceadúnóirí. Gach ceart ar cosaint.

# Bí ag Spraoi leis an Nádúr!

## Gluaiseacht uisce suas planda a léiriú




**Teastóidh:**
- Próca
- Uisce
- Gas soilire agus na duilleoga air
- Dathúchán bia dearg

**An Modh:**
1. Cuir an t-uisce sa phróca agus cuir cúpla braon den dathúchán bia leis. Ansin cuir an gas soilire isteach sa phróca.
2. Cuir an próca i seomra te grianmhar agus fág ann ar feadh tuairim is uair an chloig é.
3. Féach ar na duilleoga agus ar an ngas. Ansin gearr tríd an ngas agus féach ar an taobh istigh de.

**Cad a tharlaíonn agus cad is cúis leis?**
Iompraítear uisce trí phlandaí i bhféitheacha atá sna duilleoga agus sa ghas. Ach dathúchán bia a chur leis an uisce, is féidir gluaiseacht an uisce tríd an bplanda a léiriú. Ba cheart go mbeadh dath dearg ar na féitheacha sna duilleoga agus sa ghas anois.

## Turgnamh chun a léiriú gur troime an t-uisce ná an t-oighear



**Teastóidh:**
- Gloine fholamh
- Uisce
- Ola chócaireachta
- Dathúchán bia
- Tráidire ciúbanna oighir
- Reoiteoir

**An Modh:**
1. Líon an tráidire ciúbanna oighir le huisce agus measc cúpla braon den dathúchán bia isteach leis. Fág an tráidire sa reoiteoir nó go reonn an t-uisce.
2. Doirt ola isteach sa ghloine go dtí go mbíonn sí leathlán.
3. Cuir ciúb oighir amháin isteach san ola go deas réidh agus féach cad a tharlaíonn.

**Cad a tharlaíonn agus cad is cúis leis?**
Ar dtús, bíonn an ciúb oighir ar snámh san ola. Leánn an t-oighear de réir a chéile, áfach, agus sileann braonta uisce tríd an ola síos go bun na gloine. (Cuidíonn an dathúchán bia linn an méid sin a fheiceáil.) Léiríonn sin gur troime an t-uisce ná an t-oighear. Anois tuigimid cén fáth a mbíonn cnoic mhóra oighir ar snámh san fharraige!

**Seo roinnt gníomhaíochtaí is féidir leat a thriail sa bhaile nó ar scoil. Déan cinnte cead a iarraidh ar dhuine fásta sula dtugann tú fúthu.**

## Ruaim Bhaile



**Teastóidh:**
- Olann bhán nó T-léine bhán
- Seanchorcán
- Criathar
- Roinnt bláthanna de chuid lus an chromchinn

**An Modh:**
1. Agus duine fásta in éineacht leat, beirigh na bláthanna in uisce nó go n-éiríonn an t-uisce buí.
2. Is gá na bláthanna a bhaint amach as an uisce anois. Déan sin ach an t-uisce a shíothlú leis an gcriathar.
3. Cuir an olann nó an T-léine ar maos san uisce go dtagann athrú datha air.

**Amach anseo:**
Bailigh roinnt bláthanna daite de chineálacha éagsúla agus féach an féidir ruaim a dhéanamh leo.

## Féach ar phónaire agus é ag fás




**Teastóidh:**
- Próca suibhe folamh
- Olann chadáis
- Pónaire (pónaire reatha ó d'ionad garraíodóireachta áitiúil más féidir)
- Uisce

**An Modh:**
1. Líon an próca le holann chadáis.
2. Cuir an pónaire isteach sa phróca agus brúigh síos idir an olann agus taobh an phróca é.
3. Doirt uisce isteach sa phróca go dtí go bhfuil an olann chadáis go hiomlán fliuch.
4. Cuir an próca ar leac na fuinneoige. Déan cinnte go bhfuil an pónaire ar aghaidh na gréine.

**Cad a tharlóidh?**
Tar éis tamaill, fásfaidh fréamh agus péacán ón bpónaire. Sínfidh an péacán suas i dtreo na gréine agus rachaidh an fhréamh síos agus í ar thóir uisce. Úsáidfidh an planda uisce agus solas na gréine agus é ag fás.


© Stáisiún Mara Inis Arcáin agus a chuid ceadúnóirí. Gach ceart ar cosaint.

# Cuardach Focal



Aimsigh na focail thíos sa Chuardach Focal.
Is focail iad uile atá le fáil san eagrán seo!

**CUACH**
**GILIDÍN**
**BLÁTHÁN**
**SCEITH**
**TORBÁN**
**MEITEAMORFÓIS**
**GLÓTHACH**
**GEOLBHAIGH**
**SPÍONLAIGH**
**DUILLEOGA**
**AMFAIBIACH**
**GRÁG**
**SCALLTÁN**
**BOGADHMAD**

| | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| I | R | S | B | L | Á | T | H | Á | N | R | H | F |
| O | B | I | B | M | R | G | N | Á | B | R | O | T |
| G | C | N | S | C | E | I | T | H | I | P | A | H |
| A | E | O | M | T | G | L | Ó | T | H | A | C | H |
| A | G | O | E | L | L | I | U | D | F | A | T | G |
| R | T | O | L | A | S | D | G | H | I | E | A | I |
| S | E | O | C | B | N | Í | S | B | A | E | E | A |
| E | H | S | N | V | H | N | I | G | E | L | O | L |
| T | F | T | I | R | S | A | I | Á | O | O | C | N |
| O | P | D | K | I | F | W | I | R | Y | L | P | O |
| C | U | D | A | M | H | D | A | G | O | B | M | Í |
| N | O | N | A | A | C | U | A | C | H | Y | U | P |
| M | E | I | T | E | A | M | O | R | F | Ó | I | S |

Gabhann Líon na Dúlra buíochas le Pharmachemical Ireland as a thacaíocht agus an nuachtlitir seo á foilsiú. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil chomh maith le gach duine a chabhraigh linn agus an t-eagrán seo de *Líon an Dúlra* á réiteach againn, go háirithe Bord Bia, Maria Coleman, Bob Cooke, Mark Corp, John McLoughlin, Michael Ludwig, Robbie Murphy, Susan O'Connor, Shane O'Reilly agus Susan Steele.

**Tabhair cuairt ar Stáisiún Mara Inis Arcáin ag www.sherkinmarine.ie**



**Freagra ar 'Cé mhéad a tháinig slán?' ar leathanach 5:**
Is é an freagra ná CÚIG.


© Stáisiún Mara Inis Arcáin agus a chuid ceadúnóirí. Gach ceart ar cosaint.